**Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil**
**Ollscoil Mhá Nuad**

# Teastas Eorpach na Gaeilge

## Bonnleibhéal 2 (A2)

## Scrúdú Cainte
## Ábhair shamplacha

*© Ollscoil Mhá Nuad*

**Note**
In this document you'll find sample exam materials (as Gaeilge), including sample roleplay cards (part 2 of the exam) and sample pictures for part 3. See **here** for all other important information relating to the exam. You should pay particular attention to the syllabus and guidelines and the current exam report.

# An Scrúdú Cainte

**Eolas ginearálta**

- Tá 35% de mharc iomlán an scrúdaithe ag dul don Scrúdú Cainte.
- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheidh le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Déantar gach scrúdú cainte a thaifeadadh.
- Is mar seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an scrúdú cainte i *Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)*.

Tá trí chuid sa scrúdú:

| | |
|---|---|
| **CUID 1**<br>**Comhrá ginearálta**<br>4-5 nóiméad | Cuirtear ceisteanna ar an iarrthóir faoina s(h)aol laethúil (áit chónaithe, teaghlach, obair, caitheamh aimsire, laethanta saoire, taisteal srl.)<br>. |
| **CUID 2**<br>**Rólghníomhaíocht**<br>2-3 nóiméad | • Tugann feitheoir cárta don iarrthóir cúig nóiméad sula dtosaíonn an scrúdú ionas go mbeidh am aige/aici ullmhú. Tá eochairfhocail ar an gcárta a bhaineann le himeacht nó le hábhar faoi leith: ag pleanáil laethanta saoire nó ag déanamh cur síos ar dheireadh seachtaine, srl. Ní bhíonn cead ag an iarrthóirí aon nótaí, aon acmhainní ná aon fhoclóirí a úsáid chun cabhrú leis/léi agus níor cheart don iarrthóir scríobh ar an gcárta.<br><br>• Sa scrúdú freagraíonn an t-iarrthóir ceisteanna ón scrúdaitheoir maidir le dátaí, áiteanna, praghas, turais, srl.<br><br>• Ansin, cuireann an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi imeacht nó ábhar atá cosúil leis an |

© *Ollscoil Mhá Nuad*

| | |
|---|---|
| | gceann atá léirithe ar an rólchárta. (Féach na rólghníomhaíochtaí samplacha thíos). |
| **CUID 3**<br>**Ag insint scéal simplí**<br>2-3 nóiméad | Tugtar sraith de 6 phictiúr don iarrthóir agus bíonn nóiméad amháin aige/aici le féachaint orthu. Ansin déanann an t-iarrthóir cur síos ar an méid atá ag tarlú sna pictiúir. Radhairc ón ghnáthshaol a léireofar iontu: ag ithe i mbialann, ag siúl sna sléibhte, srl. Seans go gcuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna breise ar an iarrthóir (m.sh. '*Agus céard atá ar siúl acu sa phictiúr seo?*') má bhíonn eolas breise ag teastáil. |

***Marcáil***

- Bronnfar marcanna ar iarrthóirí as a gcuid iarrachtaí le linn iomlán an scrúdaithe agus ní bhronnfar marcanna ar thascanna faoi leith.
- Seo iad na gnéithe den teanga a ndéanfar measúnú orthu sa scrúdú cainte: Cruinneas gramadaí, Stór focal, Foghraíocht, Líofacht agus Cumarsáid.

Maidir leis an ngramadach, ba cheart d'iarrthóirí a bheith in ann na príomhghnéithe den ghramadach faoi mar atá leagtha amach in *Siollabas Bhonnleibhéal 1 (A1)* agus in *Siollabas Bhonnleibhéal 2 (A2)* a láimhseáil go sásúil agus iad i mbun cumarsáide. Is sna cáipéisí céanna sin atá cuid mhaith den stór focal a bheidh de dhíth ar iarrthóirí le bheith in ann labhairt go compordach faoi ábhair a bhaineann go dlúth lena saol féin.

Cé go bhfuil gach seans ann go mbeidh tionchar ag an máthairtheanga ar a gcuid Gaeilge go ginearálta, beidh foghraíocht na n-iarrthóirí soiléir go leor chun gur féidir iad a thuiscint. Seans go mbeidh ar an scrúdaitheoir soiléiriú a lorg ó iarrthóirí anois is arís. Ní bheifear ag súil le blas nó dul nádúrtha na Gaeilge bheith ar chuid cainte an iarrthóra ag an leibhéal seo.

Beidh iarrthóirí ag an leibhéal seo in ann iad féin a chur in iúl trí úsáid a bhaint as abairtí simplí agus frásaí gairide faoi ábhair a bhaineann lena saol féin. Cuirfidh siad tuairimí an-simplí in iúl ach ní bheifear ag súil leo a bheith in ann na tuairimí sin a mhíniú nó a chosaint. Beifear ag súil leo a bheith in ann forbairt bheag a dhéanamh ar a gcuid freagraí.

Bíonn an réimse ceisteanna a bhíonn i gceist sa scrúdú cainte ag an leibhéal seo teoranta go maith agus, mar sin, má bhíonn staidéar déanta ag iarrthóirí ar ábhair na siollabas, níor cheart go mbeadh aon mhórdheacrachtaí acu cuid ceisteanna an scrúdaitheora a thuiscint. Ba chóir go gcruthódh na hiarrthóirí go bhfuil siad in ann déileáil le bunchomhrá go réasúnta éifeachtach agus go bhfuil na straitéisí cuí acu le déileáil le bearnaí ina gcuid eolais nó chun déileáil le haon deacrachtaí a thagann chun cinn, mar shampla, soiléiriú a lorg, iarraidh ar an scrúdaitheoir rud a rá an dara huair nó a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad.

© *Ollscoil Mhá Nuad*

Déantar tástáil ar chumas bunúsach sochtheangeolaíoch chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a dhéanamh, mar shampla, beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt nó leithscéal a ghabháil.

© *Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 1: Comhrá ginearálta

Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 4-5 nóiméad.

- ***An réamhchaint*** (gan marc ar bith)

Cuirfidh an scrúdaitheoir roinnt ceisteanna an-bhunúsacha ar an iarrthóir ag an tús chun é/í a chur ar a s(h)uaimhneas.
Seo roinnt samplaí de na cineálacha ceisteanna a d'fhéadfaí a chur sa rannóg seo:

Dia duit.
Dia is Muire duit.
Cad é mar atá tú?
An bhfuil tú go maith?
Cad is ainm duit?
Tá sé go deas bualadh leat.
Tá lá breá ann, nach bhfuil?
Tá drochlá ann. / Tá sé fuar/te/fliuch.

- ***Ceisteanna sa scrúdú féin***

Déanfaidh an scrúdaitheoir ceisteanna a roghnú ó roinnt de na topaicí i *Siollabas Bhonnleibhéal 1 (A1)* agus i *Siollabas Bhonnleibhéal 2(A2).*
Seo thíos samplaí de na cineálacha ceisteanna a chuirfear:

Cén tslí bheatha atá agat?
An dtaitníonn an post leat?
Conas a théann tú ag obair gach lá?
Cá bhfuil tú i do chónaí?
Cad iad na rudaí a thaitníonn leat faoin áit?
Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat?
An bhfuil tú i do bhall d'aon chlub nó d'aon chumann?
An ndearna tú aon rud ag an deireadh seachtaine?
An ndéanann tú mórán taistil?
Cá bhfuil tú ag dul ar laethanta saoire i mbliana?
An duine aclaí tú?
An maith leat a bheith ag snámh?

© *Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 2: Rólghníomhaíocht
## Sampla 1: Cuntas ar dhuine
## Cárta an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Tá eolas ar an gcárta faoin do chara, Áine Ní Bhaoill. Anois, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoi Áine.*
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar a c(h)ara Eoin Ó Dúill.

***Cárta an iarrthóra***

Féach ar an eolas ar an gcárta thíos.
Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort mar gheall ar do chara, Aoife Ní Bhaoill.

| **Aoife Ní Bhaoill** | |
|---|---|
| Cuma? | ard / dathúil |
| Gruaig? | gearr / catach |
| Clann? | 1 mac / 2 iníon |
| Post? | cuntasóir |
| Áit oibre? | comhlacht / Corcaigh |
| Caitheamh aimsire? | spórt (peil/galf) pictiúrlann / uaireanta / deireadh seachtaine |

***Cárta an scrúdaitheora***

Anois, tá cárta eile ag an scrúdaitheoir, cárta faoina c(h)ara, Eoin. Anois, cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi Eoin.

| **Eoin Ó Dúill** | |
|---|---|
| Cuma? | beag / féasóg |
| Gruaig? | rua / díreach |
| Clann? | 3 mac / 0 iníon |
| Post? | iriseoir |
| Áit oibre? | nuachtán / Béal Feirste |
| Caitheamh aimsire? | taisteal / iascaireacht |

***Comhrá samplach***

***S: Anois, inis dom faoi Aoife. Cén chuma atá uirthi?***
I: Tá sí ard agus dathúil agus tá gruaig ghearr chatach uirthi.
***S: Agus an bhfuil páistí aici?***
I: Tá. Tá mac amháin agus beirt iníonacha aici.
***S: Cén obair a dhéanann Aoife?***
I: Is cuntasóir í.
***S: Agus cá bhfuil sí ag obair?***
I: Tá sí ag obair le comhlacht i gCorcaigh.
***S: Go maith, agus inis dom cén caitheamh aimsire atá aici?***
I: Is breá léi spórt. Imríonn sí peil agus galf go minic. Uaireanta, téann sí go dtí an phictiúrlann ag an deireadh seachtaine.
***S: Go raibh maith agat.***

© Ollscoil Mhá Nuad

# CUID 2: Rólghníomhaíocht
## Sampla 2: Laethanta saoire
## Cárta an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Tá eolas ar an gcárta faoin na laethanta saoire a bhí agat. Anois, cuirfidh mise ceisteanna ort faoi na laethanta saoire sin.*
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall na laethanta saoire a bhí aigesean/aicise.

***Cárta an iarrthóra***

Féach ar an eolas ar an gcárta thíos.
Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort mar gheall ar na laethanta saoire a bhí agat.

| **Laethanta saoire** | |
|---|---|
| Áit? | an Iodáil |
| Cén fhad? | seachtain (Lúnasa) |
| Lóistín? | árasán / deas |
| Leat? | 2 / cara + deirfiúr (Áine) |
| Rudaí a thaitin leat? | bia / aimsir |
| Rudaí a rinne sibh? | siopaí / ceolchoirm |

Anois, tá cárta eile ag an scrúdaitheoir, cárta faoi laethanta saoire a bhí aigesean/aicise. Anois, cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin tsaoire sin.

***Cárta an scrúdaitheora***

| **Laethanta saoire** | |
|---|---|
| Áit? | Sasana (Londain) |
| Cén fhad? | coicís (mí Iúil) |
| Lóistín? | óstán /mór |
| Leat? | 2 mac + 1 iníon |
| Rudaí a thaitin leat? | daoine / bialanna |
| Rudaí a rinne sibh? | amharclann / séipéil |

***Comhrá samplach***

***S: An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?***
I: Bhí. Bhí mé san Iodáil.
***S: Ó, go deas. Cén fhad a bhí tú ansin?***
I: Bhí mé ann ar feadh seachtaine i mí Lúnasa.
***S: Agus ar fhan tú in óstán?***
I: Níor fhan. Bhí árasán deas ar cíos againn.
***S: Agus an raibh aon duine leat?***
I: Bhí beirt chairde agus mo dheirfiúr Áine liom.
***S: Inis dom, cad iad na rudaí a thaitin leat faoin tsaoire?***
I: Bhuel, bhí an bia an-deas agus bhí an t-ádh orainn mar bhí an aimsir go hálainn an t-am ar fad.
***S: Cad a rinne tú ansin?***
I: Chuaigh mé ag siopadóireacht cúpla lá. Thaitin na siopaí go mór liom. Ansin chuaigh mé chuig ceolchoirm oíche amháin agus bhí sé sin go hiontach ar fad.
***S: Go raibh maith agat.***

© Ollscoil Mhá Nuad

# CUID 2: Rólghníomhaíocht

## Sampla 3: An deireadh seachtaine seo caite

## Cárta an scrúdaitheora

- Míniú ón scrúdaitheoir:
  *Tá eolas ar an gcárta faoin deireadh seachtaine seo caite. Anois, cuirfidh mise cúpla ceist ort faoin deireadh seachtaine.*
- Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna ar an iarrthóir ar dtús. Féach an comhrá samplach thíos.
- Nuair a bheidh an méid sin déanta, beidh ar an iarrthóir ceisteanna a chur ar an scrúdaitheoir mar gheall ar an deireadh seachtaine a bhí aigesean/ aicise.

***Cárta an iarrthóra***

Féach ar an eolas ar an gcárta thíos.
Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort mar gheall ar an deireadh seachtaine seo caite

| **An deireadh seachtaine seo caite** | |
|---|---|
| Cad? | Satharn / bainis / Gaillimh |
| Le? | cúpla / cara |
| Lóistín? | óstán / sa / cathair |
| Aimsir? | breá |
| Sult? | ☑ séipéal / álainn |
| | ***ach*** dinnéar / fada |
| Domhnach? | siúl / sléibhte |

Anois, tá cárta eile ag an scrúdaitheoir, cárta faoin deireadh seachtaine a bhí aigesean/aicise. Anois, cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin deireadh seachtaine sin.

***Cárta an scrúdaitheora***

| **An deireadh seachtaine seo caite** | |
|---|---|
| Cad? | cóisir / Corcaigh / Satharn |
| Le? | deirfiúr |
| Lóistín? | árasán / beag / cathair |
| Aimsir? | báistí / an t-am ar fad |
| Sult? | ☑ ceol / iontach ach bia / dona |
| Domhnach? | leaba / léigh / nuachtáin |

***Comhrá samplach***

***S: Cad a rinne tú ag an deireadh seachtaine?***

I: Bhí mé ag bainis i nGaillimh ar an Satharn/Dé Sathairn.

***S: An raibh aon duine leat?***

I: Bhí cúpla cara liom.

***S: Cén áit ar fhan tú?***

I: D'fhan mé in óstán sa chathair.

***S: Agus conas a bhí an aimsir?***

I: Bhí aimsir bhreá ann./Bhí sé go breá.

***S: Ar bhain tú sult as?***

I: Bhain. Bhí an séipéal go hálainn ar fad ach bhí an dinnéar rófhada.

***S: Agus cad a rinne tú ar an Domhnach/Dé Domhnaigh?***

I: Chuaigh mé ag siúl sna sléibhte.

# CUID 2: Rólghníomhaíocht
## Sampla 1: Cuntas ar dhuine
## Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

**Tá eolas ar an gcárta thíos faoi do chara Áine Ní Bhaoill.**

- Tá <u>cúig nóiméad</u> agat anois leis an eolas a léamh.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoi Áine.

| Aoife Ní Bhaoill | |
|---|---|
| Cuma? | ard / dathúil |
| Gruaig? | gearr / catach |
| Clann? | 1 mac / 2 iníon |
| Post? | cuntasóir |
| Áit oibre? | comhlacht / Corcaigh |
| Caitheamh aimsire? | spórt (peil/galf) |
| | pictiúrlann / uaireanta / deireadh seachtaine |

### Cuid 2B

- Tá cárta difriúil ag an scrúdaitheoir, cárta faoina c(h)ara Eoin Ó Dúill.
- Anois, cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi Eoin.

---------------------------------------------------------------------------------------------------

# CUID 2: Rólghníomhaíocht
## Sampla 2: Laethanta saoire
## Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

**Tá eolas ar an gcárta thíos faoi na laethanta saoire a bhí agat.**

- Tá <u>cúig nóiméad</u> agat anois leis an eolas a léamh.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoi na laethanta saoire.

| Laethanta saoire | |
|---|---|
| Áit? | an Iodáil |
| Cén fhad? | seachtain (Lúnasa) |
| Lóistín? | árasán / deas |
| Leat? | 2 / cara + deirfiúr (Áine) |
| Rudaí a thaitin leat? | bia / aimsir |
| Rudaí a rinne sibh? | siopaí / ceolchoirm |

### Cuid 2B

- Tá cárta difriúil ag an scrúdaitheoir, cárta faoi na laethanta saoire a bhí aigesean/aicise.

© *Ollscoil Mhá Nuad*

- Anois, cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoi na laethanta saoire sin.

# CUID 2: Rólghníomhaíocht

## Sampla 3: An deireadh seachtaine seo caite

## Cárta an iarrthóra

### Cuid 2A

**Tá eolas ar an gcárta thíos faoin deireadh seachtaine seo caite.**

- Tá cúig nóiméad agat anois leis an eolas a léamh.
- Freagair na ceisteanna a chuirfidh an scrúdaitheoir ort faoin deireadh seachtaine.

| **An deireadh seachtaine seo caite** | |
|---|---|
| Cad? | Satharn / bainis / Gaillimh |
| Le? | cúpla / cara |
| Lóistín? | óstán / sa / cathair |
| Aimsir? | breá |
| Sult? | ☑ séipéal / álainn |
| | ***ach*** dinnéar / fada |
| Domhnach? | siúl / sléibhte |

### Cuid 2B


- Tá cárta difriúil ag an scrúdaitheoir, cárta faoin deireadh seachtaine a bhí aigesean/aicise.
- Anois, cuir tusa ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin deireadh seachtaine sin.


© *Ollscoil Mhá Nuad*

# CUID 3: Cur síos ar shraith pictiúr (Sampla 1)

***An lá a bhí ag Clíona***

- Tá nóiméad amháin agat le féachaint ar na pictiúir thíos.
- Ansin, déan cur síos ar na rudaí éagsúla atá le feiceáil iontu.




© *Ollscoil Mhá Nuad*


# Cuid 3: Cur síos ar shraith pictiúr (Sampla 2)

***An lá a bhí ag Áine***

- Tá nóiméad amháin agat le féachaint ar na pictiúir thíos.
- Ansin, déan cur síos ar na rudaí éagsúla atá le feiceáil iontu.




**1.**




**2.**



**3.**



**4.**



**5.**



**6.**




© Ollscoil Mhá Nuad

# Cuid 3: Cur síos ar shraith pictiúr (Sampla 3)

***An lá a bhí ag Ciarán.***

- Tá nóiméad amháin agat le féachaint ar na pictiúir thíos.
- Ansin, déan cur síos ar na rudaí éagsúla atá le feiceáil iontu.




© Ollscoil Mhá Nuad